léargas

eTwinning

Co-funded by the European Union

# Ceiliúradh an Mhata



## Cad is eTwinning ann?

Is ardán ar líne é eTwinning a thacaíonn le múinteoirí agus oideachasóirí oibriú le chéile ar thionscadail chomhoibritheacha in aon réimse curaclaim.

## Cén fáth a nglacfá páirt in eTwinning?

- Tá suíomh gréasáin tiomnaithe againn inar féidir le múinteoirí próifíl a chruthú, comhpháirtithe a chuardach, a dtionscadail eTwinning féin a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Tá teacht ag múinteoirí ar 'TwinSpace' freisin. Is spás oibre príobháideach, slán ar líne é seo ina ndéanann tú féin agus do chomhpháirtí(ithe) an tionscadal a riaradh agus inar féidir cuireadh a thabhairt do dhaltaí cur leis an TwinSpace mar bhaill.
- Éascaíonn eTwinning deiseanna foghlama ar líne agus duine le duine do mhúinteoirí chun a gcuid scileanna, inniúlachtaí agus cur chuige oideolaíoch a fheabhsú
- Cuireann nádúr comhoibritheach eTwinning le muinín agus scileanna cumarsáide na ndaltaí
- Tugann eTwinning radharc idirnáisiúnta do dhaltaí ar a gcuid foghlama agus oideachais

## Cad é an tionscadal eTwinning 'Ceiliúradh an Mhata'?

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal eTwinning seo Mata a cheiliúradh, ag baint úsáide as cur chuige foghlama atá bunaithe ar thionscadail agus trí scoileanna ó thíortha éagsúla a nascadh. Cuirfidh sé seo ar chumas na ndaltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí neamhspleácha agus i ngníomhaíochtaí comhoibritheacha araon. Glacfaidh daltaí páirt i ngníomhaíochtaí mar cheiliúradh ar Sheachtain an Mhata * ag leibhéal ranga nó scoile uile. Spreagfaidh an tionscadal Ceiliúradh an Mhata 'Caint an Mhata' ar fud scoileanna comhpháirtíochta agus cur i bhfeidhm scileanna réiteach fadhbanna. Cruthóidh daltaí aschuir inláimhsithe freisin ar nós cluichí idirghníomhacha, conairí mata agus ríomhleabhair mata, rud a d'fhéadfadh dul chun tairbhe dá bpobal scoile uile.

*** Bíonn Seachtain an Mhata ar siúl i mí Dheireadh Fómhair.**



## Príomhfhaisnéis:

| | |
|---|---|
| **Leibhéal deacrachta:** | • eTwinner Bunleibhéil – eTwinner Ardleibhéil |
| **Príomhinniúlachtaí:** | • Scileanna Digiteacha<br>• Scileanna Teanga<br>• Scileanna cruthaitheacha<br>• Scileanna Cumarsáide<br>• Scileanna Comhoibrithe |
| **Ábhair:** | • Mata,<br>• Gaeilge<br>• Ealaín |
| **Level** | • Bunscoil (Rang 2 go Rang 6) |
| **Creat Ama Molta** | • 1 mhí – 1 scoilbhliain |

**Conas clárú:**

- Déan próifíl ar ESEP ar dtús anseo: ESEP
- Roghnaigh do ról mar 'mhúinteoir'.
- Nuair a dheimhníonn tú do phróifíl trí ríomhphost, ba cheart go bhfaighfeá leid chun páirt a ghlacadh in eTwinning.
- I mbarra cuardaigh na n-eagraíochtaí, cuir isteach ainm do scoile.
- Déanfar do phróifíl a bhailíochtú ar an ardán ansin.

## Conas is féidir le mo scoil páirt a ghlacadh sa tionscadal seo?

**Lean na céimeanna seo chun tosú ag nascadh agus ag comhoibriú le scoileanna i dtíortha eile:**

**Céim 1: Déan nasc** - Aimsigh scoileanna comhpháirtíochta tríd an bhfeidhm **Cuardach Comhpháirtithe** ar an ardán eTwinning.

**Céim 2: Cruthaigh** – Roghnaíonn scoileanna comhpháirtíochta a réimsí spéise agus comhlánaíonn siad na tascanna bunaithe ar an réimse sin. Ansin cruthaigh ábhar chun a bhfuil foghlamtha agat a thaispeáint.

**Céim 3: Comhoibrigh** - Comhoibrigh le do scoil/scoileanna comhpháirtíochta chun a bhfuil foghlamtha agat a roinnt.

### Céim 1: Déan nasc

- Aimsigh do scoil/scoileanna comhpháirtíochta tríd an bhfeidhm **Cuardach Comhpháirtithe** ar an ardán eTwinning anseo.
- Bain úsáid as an bhfeidhm **Cruinnithe ar Líne** an **TwinSpace** chun do scoil a chur in aithne inár spás fíorúil.
- Comhaontaigh agus roinn plean oibre agus sceideal ama le do chomhpháirtí(ithe) agus forbair smaointe le haghaidh topaicí. Foilsigh an plean oibre i do TwinSpace agus déan mionathruithe air de réir mar is gá.
- Breathnaigh ar roinnt moltaí taisc thíos chun do scoil a chur in aithne agus chun nascadh le do scoil/scoileanna comhpháirtíochta.

*Nóta: Teanga - moltar cuimhneamh ar theangacha na gcomhpháirtithe go léir agus iarracht a dhéanamh le roinnt frásaí bunúsacha, nathanna cainte nó focail bhunúsacha i dteanga nó canúint an chomhpháirtí a mhúineadh agus a fhoghlaim. Is féidir le daltaí dialann foclóra, nó leabhar gearrthóg tionscadail a úsáid.*

## DÉAN NASC – Moltaí do Thascanna Tionscadail

| CUR IN AITHNE | | |
|---|---|---|
| **TASC** | **GNÍOMHAÍOCHT** | **UIRLIS A ÚSÁIDEADH** |
| **Tasc 1** | Cruthaíonn daltaí abhatáranna chun iad féin a chur in aithne<br><br>Roinn ar Padlet agus leabaigh i TwinSpace | Aip Voki nó Chatterkid<br><br>Padlet – sraith do gach tír |
| **Rogha eTwinner Ardleibhéil: Cur in aithne na scoile** | De rogha air sin d'fhéadfadh daltaí 'podchraoladh' a chruthú i gCanva chun a scoil a thaispeáint. Tabhair 5 leid faoina suíomh/foirgneamh scoile, an aimsir srl<br><br>Úsáid Canva le 5 íomhá a chur i dtoll a chéile a nascann leis na leideanna<br><br>Uaslódáil an dá cheann ar leithligh chuig TwinSpace | Taifead go díreach isteach i Canva (Tá sé úsáideach iarratas a dhéanamh ar chuntas oideachasóra saor in aisce) |
| **Tasc 2** | Cruthaíonn gach rang míreanna mearaí dá ngri-anghraf ranga le roinnt ar TwinSpace | Jigsaw Planet |
| **Tasc 3** | Cruthaíonn múinteoirí tráth na gceist Kahoot faoi scoileanna comhpháirtíochta bunaithe ar 5 -10 gceist choitianta a socraíodh roimh ré leis na comhpháirtithe. Suíomh, airgeadra, teanga, bia, príomhchathair srl<br><br>Cruthaíonn múinteoirí tráth na gceist ar Plickers agus is féidir le daltaí imirt gan gléasanna | Padlet – Is féidir le múinteoirí ceisteanna agus freagraí a shocrú i bPadlet roimh dóibh tráth na gceist a chruthú<br><br>Kahoot - idirghníomhach<br><br>Plickers - mura bhfuil gléas do gach dalta ar fáil (cláraigh le haghaidh cuntas saor in aisce ar plickers.com) |
| **SEO CHUGAIBH AN TOPAIC** | | |
| **Tasc 4**<br>**D'fhéadfaí suirbhéanna réamhthionscadail a chomhlánú le múinteoirí freisin.** | Ceist Réamhthionscadail:<br>'Cén chaoi a mothaíonn tú faoi mhata?'<br><br>Cruthaigh néal focal de mhothúcháin na ndaltaí<br><br>Logálann na daltaí isteach ag baint úsáide as a gcód uathúil logála isteach ar TwinSpace<br><br>Roinn néal focal ar TwinSpace<br><br>Suirbhé réamhthionscadail do mhúinteoirí<br><br>Is féidir leat suirbhé a dhéanamh ar thuismitheoirí freisin | Cruthaigh Mentimeter leis an gceist agus roghnaigh rogha néal focal<br><br>TwinSpace<br><br>Mentimeter |
| **Tasc 5** | Cruthaíonn na daltaí lógó dá dtionscadal agus vótálann siad ar fud na scoileanna comhpháirtíochta<br><br>Pléigh aidhmeanna an tionscadail, chomh maith le siombailí nó naisc le Mata ar mhaith leis na daltaí a úsáid don tionscadal | Caith vóta, ag baint úsáide as uirlis vótála i TwinSpace |

## Céim 2: Cruthaigh

- Tá an Tionscadal roinnte i réimsí fócais éagsúla: meastachán, conairí mata, cluichí idirghníomhacha, smaointeoireacht ríomhaireachtúil agus teanga mhatamaiticiúil.
- Roghnaíonn comhpháirtithe tionscadail réimse fócais amháin in aghaidh na míosa, nó roghnaíonn siad na tascanna is fearr a oireann dá rang.
- Oibríonn daltaí le chéile chun a gcuid torthaí agus smaointe a chur i láthair dá scoileanna comhpháirtíochta ag baint úsáide as Book Creator, Emaze agus Padlet. Déanfar gach ceann acu a leabú i TwinSpace.
- Breathnaigh ar roinnt moltaí taisc thíos sa chuid **CRUTHAIGH agus COMHOIBRIGH Moltaí do Thascanna Tionscadail**.

## Céim 3: Comhoibrigh

- Roinneann na daltaí a bhfuil foghlamtha acu go dtí seo.
- Cruthaíonn na scoileanna comhpháirtíochta leabhar ansin ina bhfuil smaointe ó gach scoil chomhpháirtíochta. Roinneann siad le scoileanna eile laistigh dá bpobal áitiúil é chun spreagadh a thabhairt. (Ceithre scoil chomhpháirtíochta ar a mhéid ag comhoibriú, chun fíorcheangail chomhoibríocha a chinntiú)
- Breathnaigh ar roinnt moltaí taisc thíos sa **chuid CRUTHAIGH agus COMHOIBRIGH Moltaí do Thascanna Tionscadail**.

*Nóta: Is féidir tascanna a roghnú de réir mar is gá agus iad a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí. Féadfaidh na scoileanna comhpháirtíochta fad an tionscadail a chinneadh. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach tasc amháin a dhéanamh in aghaidh na seachtaine nó líon na dtascanna a laghdú chun níos mó ama a thabhairt do na daltaí le n-iad a chríochnú. D'fhéadfadh comhpháirtithe idir 1-4 thasc a roghnú thar thréimhse míosa chun cáilíocht an aschuir a fheabhsú.*



## CRUTHÚ agus COMHOIBRIÚ - Moltaí do Thascanna Tionscadail:

| TASCANNA TOPAICE | | |
|---|---|---|
| **TASC** | **GNÍOMHAÍOCHT** | **UIRLIS A ÚSÁIDEADH** |
| **Tasc 1**<br>**Réimse fócais: Meastachán** | Tosaigh le 5 cinn de thascanna meastacháin ó láithreán gréasáin mar réamhchleachtadh<br><br>Ansin cruthaíonn gach comhpháirtí idir 1 -5 tasc ar nós meastacháin a roinnfear i TwinSpace<br><br>De rogha air sin, féadfaidh gach scoil chomhpháirtíochta rogha a dhéanamh leabhar tascanna Meastacháin a chruthú<br><br>Cruthaigh ríomhleabhar 'Meastachán' de na híomhánna<br><br>**Tasc Bónais na Nollag:** Déan meastachán ar rudaí i bpróca i ngach scoil chomhpháirtíochta (m.sh. dathanna, scriosáin, páipéir). Cuirtear buillí faoi thuairim buaiteacha isteach i gcrannchur chun an próca stáiseanóireachta a bhuachan. | Meastachán180<br><br>Bain úsáid as íomhánna ón bhfíorshaol a fuarthas ó photosforclass.com nó a glac do chuid féin<br><br>Pléigh cóipcheart leis na daltaí (b'fhéidir gur ceacht a bheadh i gceist)<br><br>Cuir íomhánna isteach i Book Creator chun leabhar comhroinnte de thascanna ar nós meastacháin a chruthú. Nocht na freagraí fíora ag an deireadh |
| **Tasc 2**<br>**Réimse fócais: Conairí Mata** | Cruthaigh conair mhata QR atá bunaithe ar faisnéis scoile gach comhpháirtí féin | Classtools.net |
| **Rogha eTwinner Ardleibhéil:** | Cruthaigh conair mhata idirghníomhach atá oiriúnach do bhoird bhána idirghníomhacha ag baint úsáide as Google Slides/PowerPoint<br><br>Cuir íomhánna de thopaicí mata nó de rudaí a bhaineann leis an scoil ar shleamhnán amháin<br><br>Cruthaigh hipearnascanna le míreanna mearaí matamaitice éagsúla ón idirlíon<br><br>Sábháil mar PDF agus roinn ar TwinSpace leis na comhpháirtithe<br><br>Ag brath ar aois na ndaltaí agus ar a scileanna teicneolaíochta, d'fhéadfaidís féin PDF idirghníomhach a chruthú lena roinnt<br><br>Cruthaigh leabhar comhoibritheach Canva de na PDFanna agus a naisc | Google Slides/PowerPoint<br><br>Canva/Book Creator |

| | | |
|---|---|---|
| **Tasc 3**<br>**Réimse fócais: Cluichí Mata (idirghníomhach** | Cuirtear daltaí i ngrúpaí bunaithe ar thopaicí mata éagsúla, ag brath ar aois agus riachtanais na scoileanna comhpháirtíochta<br><br>Dearann siad cluiche atá le roinnt le scoileanna comhpháirtíochta<br><br>Roinn ar Padlet | Wordwall chun cluichí a chruthú (leis an leagan saor in aisce is féidir cúig chluiche a chruthú)<br><br>Padlet do naisc (Is féidir Padlet a leabú i TwinSpace.) Roinn de réir topaice. |
| **Tasc 4**<br>**Réimse Fócais: Tascanna Smaointeoireachta Ríomhaireachtúla** | Bain úsáid as míreanna mearaí smaointeoireachta ríomhaireachtúla chun leanaí a threorú maidir le réiteach fadhbanna<br><br>Pioc idir 1 -3 mhíreanna mearaí a chríochnóidh leanaí i ngach scoil comhpháirtíochta ag brath ar an aoisghrúpa<br><br>Cruthaigh físeán de na páistí agus iad ag míniú a réasúnaíocht maidir le réiteach fadhbanna<br><br>Roinn i Padlet | Acmhainní<br><br>Aip físe ar bith (m.sh. iMovie)<br><br>An aip Flip (saor in aisce); 123apps.org chun cabhrú le heagarthóireacht<br><br>Padlet |
| **Tasc 5**<br>**Réimse fócais: Teanga an mhata** | Cruthaíonn na páistí póstaer teanga an mhata<br><br>Taispeáin i ngailearaí ealaíne idirghníomhach | Gailearaí ealaíne Emaze<br><br>Roinn ar láithreán gréasáin na scoile<br><br>Roinn le tuismitheoirí chun cabhrú le hobair bhaile |
| **SUIRBHÉ IAR-THIONSCADAIL** | | |
| **Task 6** | Bain úsáid as Mentimeter chun iniúchadh a dhéanamh leis na daltaí ar a ndearcadh i leith an mhata tar éis dóibh an tionscadal a chríochnú | Suirbhé Mentimeter |

## Torthaí foghlama

**Beidh ar chumas na ndaltaí:**

- Dul i mbun malartú cultúrtha ar líne le daltaí ó thíortha éagsúla, chun tuiscint ar an mata agus taitneamh a bhaint as a chothú
- Scileanna mata, ealaíonta agus digiteacha a fhorbairt
- Dul i mbun gníomhaíochtaí matamaiticiúla praiticiúla agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar shúgradh
- Dul i mbun gníomhaíochtaí réiteach fadhbanna
- Dul i mbun foghlama comhoibrithí trí oibriú le chéile ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí a chuireann freagracht chomhroinnte agus obair foirne chun cinn, mothú pobail agus nascacht idir comhpháirtithe a chothú
- A gcuid scileanna litearthachta digití a fhorbairt trí ardáin agus uirlisí digiteacha éagsúla ar líne a úsáid le haghaidh cumarsáide, taighde agus comhoibrithe, i gcomhthéacs tionscadail eTwinning
- Feabhas a chur ar a scileanna cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal, trí smaointe a mhalartú, faisnéis a roinnt agus a dtionscadail a chur i láthair

## Naisc Churaclaim

### Bunscoil: Rang 2 go Rang 6

| ÁBHAR | SNÁITHE |
|---|---|
| **Mata** | • Ailgéabar<br>• Sonraí agus Seans<br>• Tomhais<br>• Líon<br>• Cruth agus Spás<br><br>**Próisis**<br>Na gnéithe a bhaineann le:<br>• Tuiscint agus Nascadh<br>• Cumarsáid a dhéanamh<br>• Réasúnaíocht<br>• Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach<br>*(Curaclam Matamaitice na Bunscoile, 2023)* |
| **Gaeilge** | • Glacthacht do theanga<br>• Inniúlacht agus muinín maidir le teanga a úsáid<br>• Cumais chognaíocha a fhorbairt trí theanga<br>• Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga |
| **Ealaín** | • Líníocht |
| **Traschuraclam** | • Scileanna digiteacha |

## Meastóireacht agus Measúnú

- Is féidir meastóireachtaí a dhéanamh ar fud an tionscadail tar éis gach gníomhaíochta trí mhachnamh na ndaltaí a bhailiú i ndialann tionscadail nó trí logaí foghlama.
- Is féidir suirbhé bunaithe ar dhearcadh na ndaltaí i leith an Mhata a thabhairt ag tús agus ag deireadh an tionscadail chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar athraigh a ndearcadh.
- Is féidir daltaí a mheas i ngrúpaí/ina n - aonar bunaithe ar a gcur i láthair deiridh do chomhscoláirí, do ranganna eile, nó do thuismitheoirí.
- Is féidir meastóireachtaí a dhéanamh ar rannpháirtíocht na ndaltaí i bplé ar líne, i bhfóraim agus in ardáin chomhoibritheacha. Breathnaigh ar cháilíocht na ranníocaíochtaí, ar theagmháil le piaraí agus ar an gcumas smaointe a chur in iúl go héifeachtach.
- Is féidir meastóireachtaí a dhéanamh ar scileanna litearthachta digití na ndaltaí trína gcumas a mheas ardáin ar líne a nascleanúint agus a úsáid, comhoibriú go héifeachtach trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha agus faisnéis a chur i láthair ar bhealach atá tarraingteach agus soiléir ó thaobh amhairc de.
- D’fhéadfadh bileoga machnaimh, logaí foghlama, pobalbhreitheanna ar líne agus plé i bhfóraim eTwinning a bheith i measc na n-uirlisí piarmheasúnaithe agus féinmheasúnaithe don tionscadal.
- Is féidir tráth na gceist agus tascanna ar líne a úsáid chun tuiscint na ndaltaí a mheas.

## Scaipeadh/obair leantach

- Is féidir suíomh gréasáin **scoile nó blag tiomnaithe** a úsáid chun cuspóirí, gníomhaíochtaí agus torthaí an tionscadail a thaispeáint. Is féidir é a thabhairt cothrom le dáta go rialta le hailt, grianghraif agus machnamh ó scoileanna rannpháirteacha.
- Is féidir **cuir i láthair** a chruthú do ranganna eile chun cluichí/míreanna mearaí na ndaltaí srl a thaispeáint.
- Is féidir le tuismitheoirí a bheith san áireamh i **suirbhéanna réamhthionscadail** faoi mhata.
- Is féidir **ceardlanna do thuismitheoirí** a óstáil bunaithe ar smaointeoireacht ríomhaireachtúil, nó conairí mata sa cheantar áitiúil.
- Is féidir **Book Creator Library** a roinnt le scoileanna áitiúla chun inspioráid a thabhairt.
- Is féidir **taispeántas don Leabharlann Áitiúil** a chruthú chun foghlaim na ndaltaí a léiriú.
- Is féidir **ardáin meán sóisialta** a úsáid chun nuashonruithe tionscadail, éachtaí agus príomhfhoghlaim a roinnt.
- Is féidir **seisiúin mhachnaimh** a dhéanamh le rannpháirtithe, chun tionchar fadtéarmach an tionscadail ar a gcuid scoileanna a phlé.

Ríomhphost: etwinning@leargas.ie
LinkedIn: eTwinning Ireland
Twitter/X: @leargas_etwinn

Co-funded by
the European Union